

## 100,000 leathanach tras-scríofa ag Meitheal Dúchas.ie

Tá breis is 100,000 leathanach tras-scríofa ag baill [Mheitheal Dúchas.ie](http://MheithealDúchas.ie) ó seoladh an tionscadal sluaifhoinsithe in earrach na bliana 2015.

Is mar chuid de thionscadal [dúchas.ie](http://dúchas.ie) a rinneadh digitiú ar ábhar Bhailiúchán na Scol, bailiúchán luachmhar de chuid Chnuasach Bhéaloideas Éireann, ar an gcéad lá. Iarradh cuidiú an phobail an t-ábhar sin a thras-scríobh den chéad uair i mí Feabhra 2015, agus glacadh go fial leis an gcuireadh sin. Tá 21% den ábhar Gaeilge agus 23% den ábhar Béarla atá ar fáil ar dúchas.ie tras-scríofa go deonach ag c.2,000 ball den Mheitheal go n-uige seo agus tá an tacaíocht sin ag dul ó neart go neart.

Tá na baill lonnaithe i ngach cearn den domhan ó Éirinn go Meiriceá Thuaidh go dtí an Astráil. Is iad na tras-scríbhneoirí is mó a bhí gníomhach ó seoladh Meitheal Dúchas.ie ná 'An Dothra Bheag' (6,242 lch), 'Rhiannon' (5,548), Scott Leminski (4,884) agus mic léinn Ollscoil Ohio State (4,808), agus tá buíochas faoi leith ag dul dóibh as an tiomantas atá léirithe acu don tionscadal ó cuireadh tús leis beagnach 3 bliana ag an lá inniu.

Ní hamháin go bhfuil éagsúlacht ábhair i mBailiúchán na Scol, ach tá radharc ar pheannaireacht mar a bhí ag páistí scoile sna 1930idí le feiceáil chomh maith, mar aon le léargas ar an gcineál teanga a bhí in úsáid ag an am – idir Bhéarla agus Ghaeilge. Maidir leis an nGaeilge, tá roinnt samplaí ar fáil de chanúintí éagsúla atá imithe i léig nó atá imithe as ó shin - Co. an Chláir, Co. Mhuineacháin agus Co. Lú, mar shampla. Tá na scéalta ina n-úsáidtear na canúintí seo an-luachmhar ar fad mar fhianaise theangeolaíoch.

Ní gá do na baill bheith buartha go rithfidh siad as obair, óir cuirfear na mílte leathanach ó Phríomhbhailiúchán Chnuasach Bhéaloideas Éireann ar fáil ar dúchas.ie agus ar Mheitheal Dúchas.ie le linn 2018.

Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan, Leabharlann Dhigiteach UCD agus Fiontar & Scoil na Gaeilge, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in DCU. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal bailiúcháin uile Chnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú agus a chur ar fáil don phobal ar líne. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, agus ag Coláiste Ollscoile Baile Átha Cliath le cabhair airgeadais ó Fhondúireacht Bhéaloideas Éireann.

### CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan; [clare.coughlan@dcu.ie](mailto:clare.coughlan@dcu.ie); (01) 700 6577